

# LEAC SHLIÚP AN RÍOGH

San mbealach idir an Ros agus Oileán a’Rosa ó dheas de Leitir Caladh, is ann a tháinig an Sliúp agus lucht aice ó Gheansa. Chuaidh sí i bhfolach annsin agus cuireadh an lucht ar a taobh agus ceangluigheadh an crann anuas ar an aill. Bhí cutter an Ríogh a’ rith uirthé agus agus fuair an cutter fear ó Chnoc Chathail Óig le píolóiteacht a dhéanamh.

“Breannuigh amach do Chocalóid ‘s tá Léim Thomáis taobh thuas di. Tá áit mhaith ancaire thiar ag Leabaidh Bhearchan. Ní píolóitidhe mé ach treaisileach figheadóra as Croc Chathail Óig ag gearradh na slat ag an bhfear a chuir ann mé.”

Nuair a tháinig an taoille chuaidh an bád a raibh an lucht uirthé chun seoil agus chuaidh sí amach bealach do-thrácht agus lean an cutter í. Bhuail an cutter an charraig agus d’fhan sí ann. Tá Leac Shliúp an Ríogh ariamh ó shoin air.